C/2025/4690

22.8.2025

ACHOIMRE AR AN GCINNEADH ÓN GCOIMISIÚN

an 2 Meitheamh 2025

a bhaineann le himeacht faoi Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 53 de Chomhaontú LEE

(Cás AT.40795 — SEIRBHÍSÍ SEACHADTA BIA)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025)3304 final)

(Is é an leagan Béarla amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4690)

An 2 Meitheamh 2025, ghlac an Coimisiún cinneadh a bhaineann le himeacht faoi Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear'an Conradh' anseo feasta) agus faoi Airteagal 53 de Chomhaontú LEE (dá ngairtear 'Comhaontú LEE' anseo feasta). I gcomhréir le forálacha Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle ([1]), tá an Coimisiún ag foilsiú, leis seo, ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, lena n-áirítear aon phionós a fhorchuirtear, ag féachaint do leas dlisteanach na ngnóthas i leith a rúin ghnó a chosaint.

1. RÉAMHRÁ

(1) Baineann an Cinneadh le sárú aonair leanúnach ar Airteagal 101 den Chonradh agus ar Airteagal 53 de Chomhaontú LEE lena n-áirítear neamhphóitseáil, malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus comhroinnt an mhargaidh in earnáil an ordaithe ar líne agus an tseachadta béilí, grósaireachta agus táirgí eile in LEE.

(2) Is chuig na heintitis dhlíthiúla seo a leanas (dá ngairtear 'na seolaithe' le chéile, nó 'an seolaí' ina n-aonar, anseo feasta) a dhírítear an Cinneadh: Delivery Hero SE ('Delivery Hero'), agus Glovoapp23 SA ('Glovo').

2. TUAIRISC AR AN gCÁS

2.1. Nós imeachta

(3) Baineann an Cinneadh de bhun Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 le cás *ex officio* arna spreagadh ag faisnéis mhargaidh a fuarthas ó roinnt foinsí. Rinne an Coimisiún 2 shraith cigireachtaí gan fógra. Rinneadh an chéad chigireacht i Meitheamh-Iúil 2022 i mBeirlín (i gcás Delivery Hero) agus in Barcelona (i gcás Glovo), le cigireacht leantach i mí Dheireadh Fómhair 2022, agus an dara ceann i mí na Samhna 2023 ag an háitribh chéanna.

(4) An 22 Iúil 2024, thionscain an Coimisiún imeachtaí i gcoinne Delivery Hero agus Glovo de bhun Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ([2]) ón gCoimisiún agus Airteagal 11(6) de Rialachán Uimh. 1/2003 agus d'iarr na seolaithe dul i mbun caibidlíocht socraíochta. Bhí caibidlíocht socraíochta ann ó Fhómhar 2024 go dtí Earrach 2025. Ansin, chuir na seolaithe a n-iarraidh fhoirmiúil ar shocraíocht isteach de bhun Airteagal 10a(2) de Rialachán Uimh. 773/2004 (an 'aighneacht socraíochta').

(5) Ina dhiaidh sin, ghlac an Coimisiún Ráiteas Agóidí a díríodh chuig Delivery Hero agus Glovo. Thug na seolaithe uile freagra ar an ráiteas agóidí trína dheimhniú go raibh sé ag freagairt d'ábhar a n-aighneachtaí socraíochta agus go raibh siad tiomanta an nós imeachta socraíochta a leanúint.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh, (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1/oj) (dá ngairtear 'Rialachán Uimh. 1/2003' anseo feasta).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 maidir le stiúradh imeachtaí ag an gCoimisiún de bhun Airteagail 81 agus 82 de Chonradh CE (IO L 123, 27.4.2004, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/773/oj) (dá ngairtear 'Rialachán Uimh. 773/2004' anseo feasta).

(6) D'eisigh an Coiste Comhairleach um Chleachtais Shriantacha agus Riochtaí Ceannasacha tuairim fhabhrach an 26 Bealtaine 2025.

(7) An 26 Bealtaine 2025, d'eisigh an tOifigeach Éisteachta tuarascáil chríochnaitheach.

2.2. **Achoimre ar an sárú**

(8) Baineann an Cinneadh le sárú aonair leanúnach ar Airteagal 101 CFAE agus ar Airteagal 53 de Chomhaontú LEE, lena n-áirítear: (1) comhaontú/cleachtas comhbheartaithe gan fhostaithe a chéile a phóitseáil; (2) comhaontú/cleachtas comhbheartaithe chun faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a mhalartú; agus (3) comhaontú/cleachtas comhbheartaithe maidir le comhroinnt margaidh. Chumhdaigh an cairtéal LEE ina iomláine.

(9) An 17 Iúil 2018, fuair Delivery Hero leas neamh-urlámhais mionlaigh in Glovo. Tar éis na hinfheistíochta tosaigh sin, bhí babhtaí breise d'infheistíochtaí mionlaigh neamh-urlámhais ann idir 2018 agus 2021. Ar deireadh, an 4 Iúil 2022, d'fhógair Delivery Hero go raibh rialú aonair aige ar Glovo. Cé nach bhfuil tras-scairshealbhóireacht idir gnóthais iomaíocha neamhdhleathach ann féin faoi dhlí an Aontais, d'úsáid na seolaithe an caidreamh scairshealbhóireachta chun an t-iompar atá faoi imscrúdú a chumasú.

(10) Ó mhí Iúil 2018 ar aghaidh, bhí na seolaithe ar aon fhocal maidir le cláséil chómhalartacha neamhfhostaíochta *de facto* a áiríodh i gcomhaontuithe a scairshealbhóirí a tugadh i gcrích i gcomhthéacs infheistíochtaí neamh-urlámhais de chuid Delivery Hero in Glovo. Bhí na clásail sin teoranta do phríomhfhostaithe agus don fhoireann bhainistíochta, agus bhí tréimhse neamhtheoranta agus raon feidhme ar fud LEE i gceist leo. Níor chomhlíon na clásail na ceanglais chun cáiliú mar shrianta coimhdeacha. I mí Dheireadh Fómhair 2018, rinne na seolaithe comhaontú neamhshirtheoireachta níos leithne a raibh fad neamhtheoranta agus raon feidhme ar fud LEE i gceist leis, agus bhí an comhaontú sin infheidhme maidir le gach fostaí. Ní raibh rothaithe cumhdaithe sa chomhaontú sin. Bunaithe ar an ábhar, ar an gcuspóir agus ar an gcomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil, cáilíonn na clásail agus an comhaontú mar shrian ar iomaíocht de réir cuspóra.

(11) Ó mhí Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh, rinne na seolaithe faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a mhalartú. Bhain an fhaisnéis a malartaíodh le príomhpharaiméadair iomaíochta amhail praghsáil reatha agus rúin phraghsála amach anseo, acmhainneachtaí táirgeachta reatha agus amach anseo, straitéis tráchtála reatha nó amach anseo, réamhaisnéisí ar éileamh amach anseo agus/nó struchtúr/eilimintí díolachán agus costais. Sa tréimhse idir Nollaig 2018 agus Nollaig 2019, bhí i bhfad níos lú malartuithe ann idir Delivery Hero agus Glovo, arb é éagsúlacht tuairimí maidir le forbairt gheografach a ngníomhaíochtaí ba chúis leis. Bhí raon feidhme ar fud LEE i gceist leis an gcomhroinnt faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de. Cáilíonn sé sin mar shrian ar iomaíocht de réir cuspóra.

(12) Ó mhí Eanáir 2020 ar aghaidh, bhí Glovo agus Delivery Hero ar aon intinn maidir leis an bprionsabal chun stop a chur le hiomaíocht in LEE agus chun margaí a chomhroinnt, ar thrí phríomhbhealach. Ar an gcéad dul síos, staon na seolaithe ó dhul isteach sna Ballstáit/sna Páirtithe Conarthacha in LEE ina raibh an seolaí eile i láthair, agus rinne siad comhordú ar a n-iompar i ndáil le hiomaitheoirí. Ar an dara dul síos, rinne siad comhordú ar a straitéis maidir le teacht isteach i dtíortha LEE nach raibh ceachtar acu i láthair iontu go fóill. Ar an tríú dul síos, bhain siad an forluí geografach eatarthu in LEE trí idirbhearta cumasc agus éadála. Cáilíonn sé sin mar shrian ar iomaíocht de réir cuspóra.

2.3. **Seolaithe agus fad tréimhse**

(13) Is iad Delivery Hero agus Glovo seolaithe an Chinnidh agus tá siad araon faoi dhliteanas i leith an tsáraithe ar feadh na tréimhse ón 17 Iúil 2018, nuair a fuair Delivery Hero sciar mionlaigh in Glovo, go dtí mí Iúil 2022, nuair a fuair Delivery Hero rialú ar Glovo agus nuair a cumascadh an 2 chuideachta. Mar sin féin, tháinig forbairt ar an gcairtéal le himeacht ama laistigh den tréimhse sáraithe sin, ag tosú le comhaontú teoranta neamhfhostaíochta i mí Iúil 2018, arb é a bhí i gceist leis malartuithe neamhdhleathacha faisnéise ó mhí Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh, comhaontú cuimsitheach neamhshirtheoireachta ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 ar aghaidh agus, ar deireadh, leathnaíodh an comhaontú sin i mí Eanáir 2020 chun comhroinnt an mhargaidh a chur san áireamh freisin. Bhí tréimhsí gníomhaíochta cairtéil teoranta agus de dhéine níos lú ann idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2018 agus idir mí na Samhna 2018 agus mí Eanáir 2020.

2.4. **Fíneálacha**

(14) Leis an gCinneadh, cuirtear Treoirlínte 2006 maidir le Fíneálacha ([3]) i bhfeidhm agus forchuirtear fíneálacha ar na heintitis uile a liostaítear faoi phointe (13) thuas.

2.4.1. *Bunmhéid na fíneála*

(15) Agus na fíneálacha á socrú, chuir an Coimisiún san áireamh meándíolacháin dhíreacha gach seolaí isteach in LEE nó laistigh de LEE d'orduithe ar líne agus seachadadh béilí agus grósaeireachta don tréimhse 2019-2021, tromchúis, cineál agus raon feidhme geografach an tsáraithe, fad an tsáraithe, agus méid breise chun gnóthais a dhíspreagadh ó chleachtais den sórt sin a dhéanamh. Níor úsáideadh ach céatadán de luach na ndíolachán do na tréimhsí a raibh déine cairtéil níos lú i gceist leo.

2.4.2. *Coigeartuithe ar an mbunmhéid*

(16) Níor chuir an Coimisiún aon imthoisc ghéaraitheach nó mhaolaitheach nó méadú le haghaidh díspreagadh i bhfeidhm.

2.4.3. *An teorainn láimhdeachais 10 % a chur i bhfeidhm*

(17) I gcás Glovo, sháraigh bunmhéid na fíneála (roimh chur i bhfeidhm an laghdaithe socraíochta) 10 % dá láimhdeachas domhanda iomlán sa bhliain ghnó roimh dháta an Chinnidh a raibh figiúirí iontaofa ar fáil ina leith. Dá bhrí sin, cuireadh an srian sin le huasteorainn bhunmhéid na fíneála i gcomhair Glovo. I gcás Delivery Hero, bhí méid na fíneála faoi bhun na teorann láimhdeachais 10 %.

2.4.4. *An Fógra Socraíochta a chur i bhfeidhm*

(18) Mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Fhógra Socraíochta, laghdaíodh méid na bhfíneálacha a bhí le gearradh ar na seolaithe faoi 10 %.

3. **CONCLÚID**

(19) Gearradh na fíneálacha a leanas de bhun Airteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003:

(i) Delivery Hero SE: EUR 223 285 000

(ii) Glovoapp23 SA: EUR 105 732 000.

([3]) Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú ar fíneálacha iad a ghearrtar de bhun Airteagal 23(2)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 (IO C 210, 1.9.2006, lch. 2).